## Ceacht a Dó – Daonáireamh 2006

### Téama
Daonáireamh 2006

### Cuspóirí
Go gcuirfear ar chumas an pháiste:

- a bheith ar an eolas maidir leis an daonáireamh atá ag teacht aníos ar an 23 Aibreán 2006
- tosú ag baint úsáide as foclóir cuí a bhaineann le próiseas an daonáirimh
- na céimeanna i bpróiseas an daonáirimh a chur in ord

### Comhtháthú agus Nascáil
**Matamaitic** Sórtáil – Uimhreacha, Sraitheanna a Chur le Chéile agus a Chur i gComparáid, Comhaireamh
Sonraí: Sonraí a chur in iúl agus a Mhíniú i ndá, i dtrí nó i gceithre ró nó colún ag baint úsáide as rudaí nithiúla, modúil agus pictiúir
**Ceol a sheinm** ~ Amhrán a Chanadh
**Na hEalaíona Radharcacha** Póstaer an Daonáirimh a dhearadh. Bain úsáid as Éadach agus Snáithín nó Cló le póstaer an Daonáirimh a dhéanamh

### Tascanna
- Dul siar ar phríomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a hAon
- Na Céimeanna i gciorcal an daonáirimh a chruthú
    - Gníomhaíocht a 1 – cártaí a shórtáil
    - Gníomhaíocht a 2 – dráma
    - Gníomhaíocht a 3 – amhrán an daonáirimh
    - Gníomhaíocht a 4 – focal cuardaigh

### Teastóidh
- Cóip de chiorcal an Daonáirimh J 2.1
- Bileoga A4 – céimeanna i gciorcal an Daonáirimh J 2.2
- Focail d'Amhrán an Daonáirimh J 2.3
- Sampla de phóstaer an daonáirimh J 2.4
- Focal cuardaigh J 2.5

### *Naisc Bhaile / Scoile*
Mar obair bhaile is féidir leis na páistí labhairt lena dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí faoin daonáireamh agus is féidir leo ciorcal an daonáirimh atá foghlamtha acu a mhíniú dóibh. D'fhéadfadh na páistí póstaeir an daonáirimh a thabhairt abhaile leo le dáta an daonáirimh a chur i gcuimhne dá dtuismitheoirí.

### Príomhtheachtaireachtaí
- Áireamh oifigiúil ar dhaonra na tíre é Daonáireamh.
- Tógtar daonáireamh oifigiúil i mbeagnach gach tír uair amháin gach cúig nó deich mbliana.
- Tá gach céim sa phróiseas bailiúcháin sonraí tábhachtach le go gcuirfear an daonáireamh i gcrích mar is ceart.
- Is féidir sonraí a chur in iúl i bhfoirm ghraif, léaráidí nó phictiúirí chomh maith le bheith i bhfoirm thuairisce.

### Foclóir
*Daonáireamh, áiritheoir, rialtas, ceann an teaghlaigh, staitisticí, bailigh, ceist, eolas, foirm, iarr, Dé Domhnaigh, Aibreán, daonra, aois, seoladh, fireann, baineann, comhaireamh, tír*
*B'fhéidir go mbeadh deacrachtaí ag páistí i rang a haon le cuid de na téarmaí thuasluaite ach níl sé i gceist go mbeadh siad ag foghlaim na bhfocal, ná len iad a litriú ná a scríobh ach go mbeadh a fhios acu gurb é 'an t-áiritheoir' an t-ainm a thugtar ar an duine a thagann chuig an teach le foirm an daonáirimh. Dul siar ar an bhfoclóir a bhaineann le comparáidí: níos airde/níos ísle, níos mó/níos lú, is mó/is lú &rl.*

### Measúnú
Beidh na páistí in ann

- na príomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a hAon a insint ós ard
- tosú ar an bhfoclóir a bhaineann le próiseas an Daonáirimh 2006 a úsáid
- céimeanna i bpróiseas an daonáirimh a chur i sraith trí chártaí léiritheacha a shórtáil
- bain úsáid as foclóir an daonáirimh le díospóireacht a thosú ar an gcaoi a dtéann an daonáireamh i bhfeidhm ar theaghlaigh na hÉireann.

### Pointí airde don mhúinteoir
Déan nóta d'aon pháistí a mbíonn deacrachtaí acu na gníomhaíochtaí sraithe a dhéanamh agus cuir gníomhaíochtaí sraithe atá níos simplí ar fáil dóibh i réimsí eile an churaclaim.
Tabhair faoi deara agus déan nóta dóibh siúd a fhaigheann an-simplí é na luas cártaí a thabhairt chun cuimhne agus cuir gníomhaíochtaí scríbhneoireachta ar fáil dóibh leis na focail a úsáid.

# Nótaí an Mhúinteora – Ceacht a 2

## Tús béil/intinne

Déan na scileanna comhairimh a chleachtadh le comhaireamh rithime, bualadh bos / comhaireamh buailte … Comhaireann na páistí chun tosaigh, ar gcúl, ó phointí éagsúla túis go pointí éagsúla stoptha mar shampla, ag comhaireamh chun tosaigh ó 12 go 21; ag comhaireamh ar gcúl ó 28 go 16…Comhairigh i mbeirteanna, i gcúigeanna……

Dul siar ar phríomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a 1 – céard is cuimhin linn

- Tá comhaireamh tábhachtach sa saol
- Tugann comhaireamh agus taifid cúnamh dúinn a bheith eagraithe agus le pleananna a dhéanamh don todhchaí
- Is féidir Picteagraim agus barrachairteacha a úsáid le heolas a léiriú ar bhealach atá simplí le tuiscint

## Babhta Tobsmaointe

**An bhfuil an focal daonáireamh cloisithe cheana ag aon duine? Céard a cheapann tú atá ann? Cén fáth a mbeadh sé ag teastáil?**
**Taispeáin ceangail idir seo agus an daonáireamh ranga agus faigh amach cé na moltaí a bheadh ag na páistí.**

Inis an focal DAONÁIREAMH do na páistí agus mínigh dóibh é – is áireamh oifigiúil ar líon na ndaoine (daonra) atá sa tír atá i gceist.

## Teastaíonn luas cártaí (más cuí)

| | | |
|---|---|---|
| daonáireamh | bailigh | ceist |
| eolas | foirm | iarr |
| Dé Domhnaigh | Aibreán | daonra |
| aois | seoladh | fireann |
| baineann | comhaireamh | tír |

## Gníomhaíocht don rang iomlán

Labhair leis na páistí faoin daonáireamh agus mínigh dóibh cén chaoi a gcuirtear an daonáireamh i gcrích ag baint úsáide as na bileoga leide, J 2.2 nó J 2.1 achoimre mar bhunús don díospóireacht. Is féidir na páistí a spreagadh le tuairimí a thabhairt céard í an chéad chéim eile agus is féidir na bileoga a chur in ord ar leac an chláir dhuibh.

Tar éis na díospóireachta is féidir na bileoga a thabhairt do pháistí faoi leith agus iad a chur ina seasamh in ord – iarr ar na páistí cén fáth a gceapann siad go gcaithfear rudaí a dhéanamh in ord faoi leith. Ba cheart béim a leagan ar ord na ngníomhaíochtaí i gciorcal an daonáirimh agus na páirteanna éagsúla a phlé.

### *Gníomhaíocht a 1 - dráma*

Má bhíonn spraoi ag na páistí cuideoidh sé leo cuimhniú ar na céimeanna sa phróiseas agus d'fhéadfaí dráma a dhéanamh de chiorcal an daonáirimh nó de phróiseas bailiúcháin na sonraí. D'fhéadfadh na grúpaí a 'radharc' féin a fhorbairt agus na radharcanna ansin a léiriú in ord don chuid eile den rang le tuilleadh béime a leagan ar shraitheanna.

Radharc a 1: Dáileann an t-áiritheoir foirm an daonáirimh ar an teach
Radharc a 2: Ceann an teaghlaigh ag comhlánú foirm an daonáirimh in éineacht leis an teaghlach
Radharc a 3: An t-áiritheoir ag bailiú foirm an daonáirimh ón teach agus ag freagairt aon cheisteanna atá ag an teaghlach
Radharc a 4: Foirmeacha an daonáirimh á seiceáil agus á scanáil isteach sa ríomhaire
Radharc a 5: Graif á dtarraingt agus liostaí á ndéanamh ag léiriú an eolais atá ar na foirmeacha
Radharc a 6: Grúpa daoine ag léamh na ngraf/liostaí agus ag scríobh tuairiscí
Radharc a 7: Ceannairí na tíre ag déanamh pleananna leis an tír a fheabhsú mar áit chónaithe.

Is féidir le páistí úsáid a bhaint as na bileoga móra A4 le béim a leagan ar gach céim den phróiseas. Is féidir ansin na lipéidí seo a chrochadh sa seomra ranga.

### *Gníomhaíocht a 2 Amhrán an daonáirimh*

- Is féidir béim a leagan ar na céimeanna a bhaineann le bailiúchán sonraí an Daonáirimh go fíor shimplí tríd 'Amhrán an Daonáirimh' a fhoghlaim – fonn *This Old Man*.

### *Gníomhaíocht a 3 Póstaer an daonáirimh*

- Déan Póstaer an Daonáirimh a dhearadh le béim a leagan ar dháta an Daonáirimh atá ag teacht aníos, is é sin an 23 Aibreán 2006. Bain úsáid as réimse teicnicí ó Churaclam na nEalaíon Radharcach. Tá póstaer samplach J 2.4 curtha ar fáil mar spreagadh.

## An Rang iomlán

Díospóireacht maidir leis an méid a d'fhoghlaim muid inniu

*An cuimhin le haon duine céard é daonáireamh?*
*Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach ?*
*Cé chomh minic a thógtar é?*
*Lig ort go bhfuil tú ag míniú ciorcal an daonáirimh do do pháirtí- an féidir leat insint dó/dí cén sraith a leanann an ciorcal?*
*Mar ghníomhaíocht don rang ar fad cuir na cártaí ó chiorcal an daonáirimh i bhfolach agus iarr ar na páistí an chéad chéim, dara chéim agus mar sin de a insint duit. Nuair a luann páiste céim tabhair dó/di an cárta cuí agus iarr air/uirthi seasamh in ord ag barr an tseomra.*

*Cuir críoch leis seo le hAmhrán an Daonáirimh nó le dráma an daonáirimh a léiriú.*

## Obair bhreise – Gníomhaíocht a 4 Focal Cuardaigh an daonáirimh

Chomh maith leis na focail a mhúineadh do na páistí mar chuid den ghníomhaíocht teanga béil is féidir iad a chur ar luas cártaí agus iad a úsáid mar spreagadh chun roinnt oibre simplí scríofa a

dhéanamh agus mar ghníomhaíocht do na páistí a chríochnaíonn a gcuid oibre go luath nó do pháistí atá níos ábalta.

## Naisc Bhaile/Scoile

Iarr ar na páistí labhairt lena dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí maidir le sraith agus aidhm an daonáirimh. Cuimhnigh go bhféadfadh tuismitheoirí nua tagtha ó thíortha eile a bheith i gceist agus nach mór a bheith cúramach déileáil go tuisceanach leo. B'fhéidir go bhféadfaí fotachóip a dhéanamh den bhileog Acmhainne Achoimre J 2.1 agus é a chur abhaile leis na páistí ionas gur feidir leo é a úsáid leis an Daonáireamh a mhíniú dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. D'fhéadfadh na páistí freisin póstaeir an daonáirimh a thabhairt abhaile le dáta an daonáirimh a chur i gcuimhne dá dtuismitheoirí.

# Ciorcal an Daonáirimh

Déantar foirmeacha an Daonáirimh a dháileadh mí roimh Lá an Daonáirimh

Déantar foirmeacha an Daonáirimh a chomhlánú lá an Daonáirimh – 23 Aibreán 2006

Bailítear foirmeacha an Daonáirimh

Déantar foirmeacha an Daonáirimh a seiceáil agus a scanáil

Cuirtear eolas ar ghraif nó scríobhtar ar liosta é

Léann daoine na graif agus scríobhtar tuairiscí ar na freagraí

Déantar pleananna leis an tír a fheabhsú mar áit chónaithe

# Dáilítear foirmeacha an Daonáirimh ar ár dtithe

# Déantar foirmeacha an Daonáirimh a chomhlánú Lá an Daonáirimh

# Bailítear foirmeacha an Daonáirimh tar éis lá an Daonáirimh

# Déantar foirmeacha an Daonáirimh a seiceáil agus a scanáil

# Cuirtear
# eolas
# ar ghraif
# nó
# ar liostaí

Léann
daoine
na graif
agus scríobhann
siad
tuairiscí

# Déantar pleananna leis an tír a fheabhsú

**J 2.3**

# Amhrán an Daonáirimh

Comhairigh linn! Comhairigh linn!
Tá sé in am don Daonáireamh.
D-A-O-N-Á-I-R-E-A-M-H
Comhairigh linn don Daonáireamh!

Daonáireamh! Daonáireamh!
Tá sé in am don Daonáireamh.
Comhairigh gach duine anseo ar an 23 Aibreán
Comhairigh linn don Daonáireamh!

Cnag! Cnag! Cnag an Daonáirimh!
Cé hé seo ag doras an tí?
Oibrí an Daonáirimh le do Fhoirm Dhaonáirimh
Níl fágtha anois ach mí!

Tóg do fhoirm – foirm an Daonáirimh!
Léigh gach ceist go cúramach
Scríobh síos do fhreagraí ar an 23 Aibreán
Tá Lá an Daonáirimh anseo arís!

Seiceáil an fhoirm – Foirm an Daonáirimh!
Cuir in áit sábháilte í.
Fág ann í go mbaileófar í
Ag oibrí cairdiúil an Daonáirimh ☺ !

Comhairigh linn! Comhairigh linn!
Tá sé in ann na torthaí a seiceáil.
Scanáil na foirmeacha ar an ríomhaire
Agus comhairigh gach duine don Daonáireamh!

Tarraing graf! Scríobh roinnt nótaí!
Cuir na freagraí i dtuairisc!
D-A-O-N-Á-I-R-E-A-M-H

**J 2.4**

Anois tá sé in am pleananna a dhéanamh!

# Daonáireamh


# Aibreán, 23ú 2006

# Oíche Dé Domhnaigh

# Neart eolais atá

# Riachtanach don lá

# Amárach a phleanáil



| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| d | a | o | n | r | a | c | h | i | b |
| n | a | n | c | l | o | u | p | b | a |
| n | r | t | f | o | i | r | m | t | i |
| a | f | c | e | i | s | t | a | h | l |
| e | i | s | u | a | l | i | d | n | i |
| n | r | t | í | r | b | a | t | h | g |
| i | e | m | r | r | l | p | i | u | h |
| a | a | d | e | o | í | f | o | n | f |
| b | n | á | e | e | o | l | a | s | m |
| o | n | s | n | b | n | s | p | s | d |
| h | g | i | r | i | a | h | m | o | c |

| | | |
|---|---|---|
| daonra | bailigh | ceist |
| eolas | foirm | iarr |
| ainm | aibreán | líon |
| aois | seoladh | fireann |
| baineann | comhairigh | tír |